

Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne- Maigh Chromtha

Nuachtlitir Uimh.3



Bóthar nua-athailínithe Chúil Liatháin, Deireadh Fómhair 2020



Ag cur isteach áonaid lintéir bhosca i gCuid 1, Deireadh Fómhair 2020

Fáilte go Nuachtlitir uimh. 3 don N22 Forbairt Bóthair N22 Baile Bhuirne - Maigh Chromtha.

Eisíodh an t-eagrán deireanach den nuachtlitir seo i mí an Mheithimh 2020 agus tá dul chun cinn suntasach déanta againn ar an dtionscadal ó shin. Sa tréimhse ama sin bhain an conraitheoir an méid leasa agus ab fhéidir as míonna an tsamhraidh, as an aimsir thirim agus as uaireanta fada geala an lae. Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl do mhuintir na háite as a gcuid comhoibríthe agus as a gcuid foighne go háirithe maidir leis na laethanta agus na huaireanta fada a oibríodh. Ní miste a dhearbhu arís go bhfuil an conraitheoir ag leanúint na prótacail Covid-19 ar fad atá ann agus faoi láthair tá seisear oifigeach comhlíontacháin Covid-19 ar an láthair chun a chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde á mbaint amach againn. Go dtí seo ní raibh aon chás deimhnithe de Covid-19 againn ar an dtionscnamh agus táimid ar fad ag súil go bhfanfaidh se mar sin.

Dul Chun Cinn go dtí Seo:

Is é Cuid 3 den tionscadal, ar an taobh thoir, an chuid is mó chun cinn. Tá an bharrithir nochta agus curtha i láithreacha stórála shealadaigh, le cuid di á húsáid sna hoibreacha. Tá formhór na n-oibreacha draenála idircheapóirigh déanta anois agus tá tús curtha againn leis na lintéir draenála trasna ar an bpríomh-athailíniú a chur i bhfearas. Tá mór-oibreacha tochailte déanta faoin dtráth seo sna háiteanna seo a leanas: Cúil Liatháin, Coill na nGoirtíní, An Tír Bheag agus Cluain Fada - agus tá an t-ábhar tochailte seo á úsáid i dtógáil na gcláifort ar an bpríomhlíne. Cuireadh tús le carraigeacha a thógaint as an slí le pléascadh rialaithe le 5 pléascadh i gCoill na nGoirtíní faoin dtráth seo. Tar éis í a phróiseáil i mbrúiteoir carraige úsáidtear an charraig seo i struchtúir gar don láthair agus ar eilimintí eile de na hoibreacha. Tá dul chun cinn suntasach déanta le cuid mhór de na struchtúir atá sa Chuid seo de na hoibreacha. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh leis na droichidí thar Abha an tSuláin, Bóthar an Iomaire, Abha na Láinne agus Abha na Fothraise i dteannta na hoibre tógála ar Thar-Dhroichead Chúil Liatháin i gCúil Liatháin Uachtarach. Is é Fo-Dhroichead Chúil Liatháin an struchtúr is faide chun cinn ó thaobh forbartha de agus an t-athailíniú a bhaineann le Bóthar Chúil Liatháin agus an t-athailíniú nua den mbóthar áitiúil seo á ath-oscailt do thrácht phoiblí ar an Aoine 16 Deireadh Fómhair 2020. Tá an obair ag dul ar aghaidh ar na mór-oibreacha substaintiúla ar sheachróid/acomhail na Scéime lena n-áirítear an mór-acomhal i gCarraig an Phúca i dteannta an t-athailíniú agus bóithre áitiúla nua i mBaile Uí Bhioráin. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh leis ar thógáil na lintéir bhosca (réamhtheilgthe agus teilgthe *in situ*) i gCúil Liatháin, i mBaile Uí Bhioráin agus i dTír Bheag.

Cuireadh tús dairíre le hoibreacha ar Chuid 1, ar thaobh thiar an tionscadail, tar éis dúinn filleadh ar an obair ar an 18 Bealtaine i ndiaidh an chéad tréimhse dianghlása Covid-19. Droichead Abhann na Biochaille ar an gCeapach Thiar i mBaile Bhuirne is ea an struchtúr is mó sa Scéim agus tá mórán dua curtha isteach sa struchtúr sin go dtí seo le 2 theannta agus cé idirmheánach ag dul ar aghaidh faoin dtráth seo. Bhí na hoibreacha príomhlíne dírithe ar obair idir iosta an chonraitheora sa Tonn Láin agus Droichead Abhann na Biochaille, le barrithir lomtha agus stóráilte, draenáil idircheaptha in áit agus tochailt mhór-thoirt faoi shiúl agus i dteannta na hoibre tógála ar fad ag dul chun cinn go maith. Bhi dhá phléascadh carraige ar an gCeapach Thiar agus sin an méid pléascatha a dhéanfar go fóill sa limistéar seo. Tá mórán Éireann carraigeacha tochailte ar na Cillíní gan aon ghá le pléascadh toisc nádúr na carraige ag an láthair áirithe sin. Dúnadh bóthar áitiúil na Cillíní agus bóthar áitiúil Bhaile Mhic Íre chun deis a chruthú don obair thógála ar dhroichead ag na hionaid seo. Tá bóthar rochtana áitiúil na gCillíní anois críochnaithe agus anois in úsáid. Is í seo an chéad eilimint de na hoibreacha i Cuid 1 a bheith críochnaithe amach. Tá bóthar tarlaithe críochnaithe anois ó Bóthar Chluain Droichead, an slí ar fad go dtí Droichead Abhann na Biochaille rud a éascóidh iompar na n-eilimintí móra droichead gan mhoill. Éascóidh an bóthar tarlaithe seo iompar ábhar tógála bóthair chomh maith.

Tá an obair ghlanta láithreáin ar siúl le píosa anois i gCuid 2, lár-limistéar an tionscadail, agus tús curtha leis na hoibreacha tógála ar an 19 Deireadh Fómhair sa Tonn Láin agus i gCúl na Cathrach. Cuireadh tús le hoibreacha i gCúil an Bhuacaigh ar an 09 Samhain.



Conas teagmháil a dhéanamh linn:

Teileafón

087-4581555

Freagrófar le linn gnáth uaireanta oifige, nó fág teachtaireacht

R-phost

info@n22bbm.ie

Suíomh

www.n22bbm.ie

Seoladh

Oifigí Láithreáin N22 BBM, Bóthar Shráid an Mhuilinn, Maigh Chromtha, P12 PN24

Dul Chun Cinn go dtí Seo:

Cuid 3: Le linn na seachtainí romhainn, beidh béim sa chuid seo ar dhul chun cinn a dhéanamh leis na struchtúir éagsúla atá ar siúl faoi láthair. Táthar ag súil le fo-dhroichead Chúil Liatháin a chríochnú go luath le hobair thógála ar ithir threisithe na bhfallaí cliathánacha. An chéad struchtúr eile atá ar tí a chríochnaithe is ea Tar-dhroichead Chúil Liatháin, áit ar cuireadh droichead-bhíomaí isteach le déanaí. Léiríonn an clár oibre atá againn faoi láthair go mbeidh droichead-bhíomaí éagsúla á suiteáil againn idir seo agus an Nollaig agus i mí Eanáir 2021, ag na láithreacha seo a leanas: Droichead Abhann na Fothraise, Tar-dhroichead an Iomaire agus Droichead Abhann na Láinne.

Leanfar leis an asbhaint charraige le pléascadh i gCoill na nGoirtíní de réir mar a theastóidh, chun ábhar cloiche a tháirgeadh do na struchtúir éagsúla agus táthar ag leanúint leis an asbhaint charraige le briseadh meicniúil carraigeacha i gCarraig an Phúca. Leanfar leis na hoibreacha tógála ar lintéir éagsúla i mBaile Uí Bhioráin agus i dTír Bheag. Leanfar leis na hoibreacha ag Acomhal Charraig an Phúca ionas go ndéanfaí é a ailíniú le hoibreacha feabhsúcháin i mBaile Uí Bhioráin.

Tá scuabadóir bóithre ar an láthair i gCuid 3 an t-am ar fad anois ag gabháil d'obair chothabhála ar bhóithre.

Cuid 2: Beidh béim sna hoibreacha atá beartaithe ar bharrithir a lomadh agus a stóráil, ar oibreacha draenála, ar thochailt mhór-thoirt agus ar charraig a bhaint as. Tá sé seo riachtanach chun bóthar tarlaithe a thógáil ó iosta an chonraitheora sa Tonn Láin go suíomh an droichid ag an N22 reatha i gCúl na Cathrach. Tá trasnú bóthair amháin ar an gcuid seo agus coimeádfar glan é seo tri scuabadóir bóithre a úsáid. Leanfar le hoibreacha cosúla i gCúil an Bhuacaigh agus de réir a chéile ag teacht chomh fada le Bóthar Chill na Martra.

Cuid 1: Cuirfear sna seachtainí atá le teacht leis an dul chun cinn atá á dhéanamh le Droichead Abhann na Biochaille. Leanfar leis an asbhaint charraige ar an gCeapach Thiar agus ar na Cillíní chomh maith le tógáil claifort ar an gCeapach Thoir. Táthar ag súil leis go ndéanfar dul chun cinn leis an ndroichead ar na Cillíní a cheadóidh tús a chur le hoibreacha ar dhroichead do choisithe agus rothair ar bhóthar áitiúil Bhaile Mhic Íre. Leanfar le suiteáil lintéar chun soláthair a dhéanamh do chúrsaí uisce a thrasnóidh an príomh-athailíniú.

Cosúil le Cuid 3, tá scuabadóir bóithre ar fáil ag an láthair seo ar bhonn lánaimseartha chun slacht réasúnta a choimeád ar bhóithre áitiúla.

Bainistiú tráchta beartaithe:

- Leanfar leis an mbóthar malairt slí shealadaigh atá in úsáid cheana i gCúil Liatháin Uachtarach;
- Leanfar leis an gualainn chrua a bheith dúnta ar an N22 ag taisteal soir ag Carraig an Phúca;
- Beidh bóthar áitiúla éagsúla á ndúnadh ionas gur féidir tacú le hoibreacha malairt slí seirbhíse agus athailíniú ar seach-bhóithre;
- Leanfar le oibríochtaí Stad/Téigh maidir le gléasra ag trasnú ar bhóithre áitiúla éagsúla in áiteanna go dtrasnaíonn an príomh-athailíniú N22 iad.
- Beidh dúnadh bóthar aon oíche amháin ar Bhóthar Charraig an Droichid chun obair shuiteála a dhéanamh ar bhíomaí réamhtheilgthe do Thar-Dhroichead an Iomaire i Nollaig 2020/Eanáir 2021;
- Tiocfaidh ísliú ar an luasteorainn, ó 100km san uair go 60 km san uair, i bhfeidhm ón 30 Samhain 2020, ar feadh tréimhse 12 mí do dhá lána an N22 i gcóngarach Acomhal Charraig an Phúca;
- Leanfaidh giollaí na mbratach dá rialú tráchta ar an mbóthar áitiúil ag an Tonn Láin;
- Leanfar leis an bóthar malairt slí áitiúil ar Bhóthar Áitiúil ag na Cillíní
- Fanfaidh an bóthar áitiúil i mBaile Mhic Íre dúnta.
- Dúnfar lánaí singil ar bhóithre áitiúla éagsúla chun deis a thabhairt oibreacha seirbhíse malairt slí a dhéanamh agus athailíniú ar sheachróid.
- Gléasra ag trasnú: Ar bhóithre áitiúla éagsúla in áiteanna go dtrasnaíonn an príomh-athailíniú an N22 iad.

Cuirfear gach socrú bainistíocht tráchta san áireamh ar an gcóras *Mapalserter* atá ar fáil ar <https://www.mapalserter.com/>

Más mian leat go gcuirfí tú ar liosta seachadta na Nuachtlitreach seo bí i dteagmháil linn ag info@n22bbm.ie

Is mian leis an bhfoireann ar fad atá páirteach a mbuíochas a chur in iúl do mhuintir Mhaigh Chromtha, Bhaile Bhuirne agus na háiteanna máguaird as a gcuid comhoibríthe agus aithnímid go bhféadfadh na hoibreacha deacrachtaí a chruthú do dhaoine. Táimid buíoch as bhur gcuid foighne agus gabhaimid ár leithscéal as aon mhí-chaoithiúlacht. Tabhair faoi deara le do thoil, go bhféadfadh athrú teacht ar sceidealú na n-oibreacha de réir mar a théann an obair ar aghaidh – coimeádfar an pobal ar an eolas maidir le haon athruithe.